Trioblóid sa Tuaisceart

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi eachtra a tharla i dTuaisceart Éireann. Sula bhféachann sibh ar an tuairisc:

(a) Déan féin agus an duine in aice leat plé ar a bhfuil ar eolas agaibh faoi na scéalta seo a leanas:

1) Aon trioblóid i dTuaisceart Éireann le gairid
2) Trioblóidí sa Tuaisceart idir na 70í agus na 90í

(b) An féidir libh an leagan Gaeilge de na focail / frásaí thíos a aimsiú?

1) 4 bombs in their possession _____
2) for safety reasons _____
3) The Taoiseach denounced _____
4) violent and tragic group _____
5) technical team _____
6) a white Citroën van _____
7) mortar bombs _____
8) inhabitants _____
9) in the neighbourhood _____
10) republican dissidents _____
11) senior officer _____
12) the devices _____

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an mhír den dara uair agus scríobh amach na cúig phointe is tábhachtaí i do thuairim féin. Féach cad a bhí ag an duine in aice leat ansin.

Ceist 3 '*go bhféadfadh*…'

(a) Déan plé leis an duine in aice leat ar na briathra seo thíos atá sa mhodh coinníollach. Cad iad na difríochtaí idir na briathra sa dá cholún? Cén fáth?

Bris	**Imigh**
Bhrisfinn	D'imeoinn
Bhrisfeá	D'imeofá
Bhrisfeadh sé / sí	D'imeodh sé / sí
Bhrisimis	D'imeoimis
Bhrisfeadh sibh	D'imeodh sibh
Bhrisidís	D'imeoidís
An mbrisfeá?	An imeofá
Bhrisfinn	D'imeoinn

(b) Anois, cad faoin na briathra seo?

Dún	**Ceannaigh**
Dhúnfainn	Cheannóinn
Dhúnfá	Cheannófá
Dhúnfadh sé / sí	Cheannódh sé / sí
Dhúnaimis	Cheannóimis
Dhúnfadh sibh	Cheannódh sibh
Dhúnfaidís	Cheannóidís
An ndúnfadh sé?	An gceannódh sí?
Dhúnfadh / ní dhúnfadh	Cheannódh / ní cheannódh

(c) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí ceisteanna ar a chéile sa mhodh coinníollach ag úsáid na mbriathra neamhrialta thíos. Féach ar an sampla:

An ndéarfá leis gan é sin a dhéanamh?
Déarfainn/Ní déarfainn

abair	An ndéarfá?	Déarfainn / Ní déarfainn
beir	An mbéarfá?	Bhéarfainn / Ní bhéarfainn
clois	An gcloisfeá?	Chloisfinn / Ní chloisfinn
déan	An ndéanfá?	Dhéanfainn / Ní dhéanfainn
faigh	An bhfaighfeá?	Gheobhainn / Ní bhfaighinn
feic	An bhfeicfeá?	D'fheicfinn / Ní fheicfinn
ith	An íosfá?	D'íosfainn / Ní íosfaidh
tabhair	An dtabharfá?	Thabharfainn / Ní thabharfainn
tar	An dtiocfá?	Thiocfainn / Ní thiocfainn
téigh	An rachfá?	Rachainn / Ní rachaidh
bí	An mbeifeá?	Bheinn / Ní bheinn

Ceist 4 '…*muidinne*…'

(a) Tá béim curtha ar an fhorainm thuas. Ag leanúint an phatrúin, conas a chuirfeá Gaeilge ar na frásaí seo a leanas:

I did it, **you** did it, **she** did it, **we** did it, **you** did it**, they** did it.

(b) Tabhair faoi deara an tslí a mbaintear úsáid as foirm ar leith chun béim a chur sa Ghaeilge. An féidir leat féin agus an duine in aice leat úsáid a bhaint as an fhoirm threise chun Gaeilge a chur ar na habairtí seo a leanas?

- I'm from Cork, where are you from?
- Have you finished cleaning your room? I haven't even started, but she's done it.
- Who told you that? You did! (iolra)
- We're the ones who had the idea first!
- Whose is that? It's mine
- That's not yours, it's ours (iolra).

Ceist 5 Is minic focail i nGaeilge atá an-chosúil lena chéile, ó thaobh fuaimniú de agus ó thaobh litriú de. Is minic fosta a athraítear ciall an fhocail nuair a fhágtar an fada ar lár. Mar shampla: *cáinte* agus *cainte*…

(a) Cad iad na focail a bhí sa script a bhí **cosúil leis** na focail seo?

ar bhonn: _____
méara: _____
ait: _____
díon: _____
fear: _____
ré: _____

(b) Cad is brí leis na focail nua thuas agus na focail a bhí sa mhír?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa

- Cén fáth a bhfuil na heasaontóirí poblachtacha seo míshásta, dar leat?
- An bhfuil mórán tacaíochta ag an dream seo, dar leat? Mínigh.
- Cad a cheapann tú faoi Dhoire agus faoi Bhéal Feirste?

Freagraí

Ceist 1 (a)

Tabhair deis do gach beirt aon ní atá ar eolas acu faoin dá scéal a phlé le chéile.

Ceist 1 (b)

1)	4 bombs in their possession	*ceithre bhuama ina seilbh acu*
2)	for safety reasons	*ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta*
3)	The Taoiseach denounced	*Cháin an Taoiseach*
4)	violent and tragic group	*grúpa foréigneach agus tubaisteach*
5)	technical team	*foireann theicniúil*
6)	a white Citroën van	*veain bhán de dhéanamh Citroën*
7)	mortar bombs	*buamaí moirtéir*
8)	inhabitants	*áitritheoirí*
9)	in the neighbourhood	*sa chomharsanacht*
10)	republican dissidents	*easaontóirí poblachtacha*
11)	senior officer	*oifigeach sinsearach*
12)	the devices	*na gairis*

Ceist 2

Iarr orthu pointí a scríobh tar éis dóibh an mhír a fheiceáil dhá uair. Ansin iarr orthu na pointí a scríobh siad a chur i gcomparáid le chéile.

Ceist 3

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na difríochtaí idir na briathra sa chéad agus sa dara réimniú a phlé le chéile, chomh maith leis na difríochtaí idir ***leathan le leathan*** agus ***caol le caol*** sula bpléifidh tú féin na rialacha ar fad leo. Tabhair seans cainte dóibh chun na briathra a chleachtadh trí cheisteanna a chur agus a fhreagairt.

Ceist 4

(a) mise, tusa, ise, muidinne, sibhse, iadsan a rinne é

(b)

- Is as Corcaigh mise, cad as tusa? ***nó*** Is as Corcaigh domsa, cad as duitse?
- An bhfuil an seomra sin glanta agat? Níl sé tosaithe agam fiú, ach tá sé déanta aicise.
- Cé a dúirt é sin leat? Sibhse!
- Is againne a bhí an smaoineamh ar dtús.
- Cé leis é sin? Liomsa
- Ní libhse é sin, is linne é.

Ceist 5

ar bhonn (basis):	*ar bun (afoot / going on)*
méara (fingers):	*Méara (Mayor)*
ait (strange):	*áit (place)*
díon (roof):	*dian (intensive)*
féar (grass):	*fear (man)*
ré (era):	*réidh (ready)*

Ceist 6

Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Eibhlín Ní Choisdealbha
Tá na daoine a gabhadh aréir go raibh[i] ceithre bhuama ina seilbh acu cáinte ag Méara Dhoire. Dúirt sé go gcuireadh[ii] daoine i mbaol agus go dtugann sé seo drochléiriú ar an gcathair. B'éigean daoine a chur amach as a dtithe i gceantar Brandywell ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta. Gabhadh triúr fear sna tríochaidí agus tá siad sin fós á gceistiú ag na póilíní tráthnóna. Cháin an Taoiseach Enda Kenny gníomhaíochtaí atá ar bun ag grúpa foréigneach agus tubaisteach d'easaontóirí poblachtánacha, mar a thug sé féin orthu.

Áine Ní Bhreisleáin
Chaith foireann theicniúil[iii] an PSNI agus an airm an mhaidin ag scrúdú na mbuamaí[iv] moirtéir san áit a bhfuarthas iad in aice leis an Brandywell i nDoire. Ag a ceathrú i ndiaidh a hocht aréir stop póilíní veain bhán de dhéanamh Citroën. Bhí ceithre cinn de bhuamaí moirtéir istigh ann. Bhí cuid den díon gearrtha den veain leis na moirtéir a scaoileadh amach as. Bhí an fheithicil[v] seo cláraithe i nDún na nGall. Gabhadh tiománaí na[vi] veain agus fear eile a bhí ar ghluaisrothar ag leanstan[vii] na veain. Gabhadh an tríú fear nuair a cuardaíodh teach sa chathair luath ar maidin. Cuireadh áitritheoirí amach as céad teach sa chomharsanacht aréir. Bhí bóthar Leitir Ceanainn druidte ó imeall na cathrach go ceantar an Brandywell, ag cur as do thrácht.

Caoimhín Mac Cathmhaoil
Ní féidir é a shéanadh[viii], is eachtra mhillteanach[ix] é, go háirithe sa bhliain atá ann anois. Droch-íomhá ceart go leor, seo deis don chathair[x] seo dul os comhair an domhain, ar ardán an domhain mar a déarfá, is a rá le muintir an domhain go bhfuil muidinne oscailte don turasóireacht, go bhfuil muid oscailte don infheistíocht, agus tarlaíonn[xi] eachtra mar seo.

Áine Ní Bhreisleáin
Bhí dian-slándáil[xii] i nDoire i rith an lae. Dúirt an PSNI go measann siad go bhfuil baint ag easaontóirí poblachtacha leis an eachtra seo. Dúirt oifigeach sinsearach de chuid an PSNI go bhféadfadh na buamaí seo go leor daoine a mharú. Tá póilíní den bharúil go raibh na gairis réidh le pléascadh nuair a stopadh an veain agus go raibh siad le húsáid in ionsaí ar stáisiún póilíní anseo sa chathair. Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4, i gCathair Dhoire.

---

[i] *a raibh* atá sa chaighdeán oifigiúil
[ii] *gur cuireadh* atá sa chaighdeán oifigiúil
[iii] *foireann teicniúil* a deirtear
[iv] *na buamaí* a deirtear
[v] *an feithicil* a deirtear
[vi] *an veain* a deirtear
[vii] *leanúint* atá sa chaighdeán oifigiúil
[viii] *Caithfidh tú é a séanadh* a deirtear
[ix] *eachtra millteanach* a deirtear
[x] *don cathair* a deirtear
[xi] *tharlaíonn* a deirtear
[xii] *dian-shlándáil* a deirtear